2024/2209

11.9.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2209 ÓN gCOIMISIÚN

an 5 Meán Fómhair 2024

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1423 a mhéid a bhaineann le hathruithe riaracháin agus mionathruithe ar an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'Hydrogen Peroxide Family 1'

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 50(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 22 Iúil 2022, deonaíodh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1423 ón gCoimisiún ([2]) údarú Aontais a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0024303-0000 aige do Ecolab Deutschland GmbH chun an fhine táirgí bithicídeacha 'Hydrogen Peroxide Family 1' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún ([3]), leagtar síos rialacha nós imeachta le haghaidh na gcatagóirí éagsúla athruithe dá dtagraítear in Airteagal 50(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Tar éis tuairim a fháil ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') maidir leis an iarratas ó shealbhóir údaraithe Aontais, agus é ag iarraidh aon fhaisnéis arna cur isteach don iarratas tosaigh ar údarú a athrú, is faoin gCoimisiún atá sé cinneadh a dhéanamh an gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 19, nó i gcás inarb ábhartha, Airteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh, 528/2012 go fóill agus an bhfuil gá le téarmaí agus coinníollacha an údaraithe a leasú.

(3) An 28 Meán Fómhair 2022, chuir Ecolab Deutschland GmbH fógra faoi bhráid na Gníomhaireachta, i gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún, maidir le hathruithe riaracháin ar an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'Hydrogen Peroxide Family 1', dá dtagraítear i dTeideal 1 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin. Mhol Ecolab Deutschland GmbH go gcuirfí trádainmneacha leis an údarú le haghaidh cúig tháirge bhithicídeacha den fhine, go gcuirfí ceithre mhonaróir táirgí leis agus go ndéanfaí athrú ar shonraí riaracháin dhá cheann de na monaróirí táirgí. Taifeadadh an fógra faoi chás-uimhir BC-RU080137-08 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha ('an Clár').

(4) An 13 Deireadh Fómhair 2022, chuir Ecolab Deutschland GmbH iarratas faoi bhráid na Gníomhaireachta, i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún, ar mhionathrú ar an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'Hydrogen Peroxide Family 1', dá dtagraítear i dTeideal 2 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin. Rinne Ecolab Deutschland GmbH iarratas ar shíneadh a chur leis an tseilfré ó 6 mhí go 18 mí i gcás na dtáirgí i meitea-achoimre ar shaintréithe táirgí bithicídeacha (SPC) 8. Rinneadh taifead den iarratas sa Chlár faoi chás-uimhir BC-SX080682-96.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1423 ón gCoimisiún an 22 Iúil 2022 lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'Hydrogen Peroxide Family 1' (IO L 222, 26.8.2022, lch. 1: ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1423/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2013 maidir le hathruithe ar tháirgí bithicídeacha arna n-údarú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 109, 19.4.2013, lch. 4; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/354/oj).

(5) An 5 Nollaig 2022, chuir Ecolab Deutschland GmbH iarratas breise faoi bhráid na Gníomhaireachta, i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún, ar mhionathrú ar an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'Hydrogen Peroxide Family 1'. San iarratas sin, d'iarr Ecolab Deutschland GmbH go gcuirfí roinnt ábhar pacáistíochta agus méideanna pacáiste leis an údarú le haghaidh na dtáirgí i meitea-SPC 1, 5 agus 11, go gcuirfí ábhar ceirtín nua leis le haghaidh na dtáirgí i meitea-SPC 1 agus go mbainfí ábhar ciarsúir amháin de le haghaidh na dtáirgí i meitea-SPC 1. Rinneadh taifead den iarratas sa Chlár faoi chás-uimhir BC-SR082474-07.

(6) An 4 Samhain 2022, chuir an Ghníomhaireacht tuairim ([4]) faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis na mionathruithe riaracháin ar tugadh fógra fúthu, i gcomhréir le hAirteagal 11 (3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013, in éineacht le hachoimre athbhreithnithe ar shaintréithe an táirge bhithicídigh. Sa tuairim, thángthas ar an gconclúid go dtagann na leasuithe ar an údarú reatha atá á lorg ag sealbhóir an údaraithe faoi Airteagal 3(1), pointe (aa), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, agus go bhfuil coinníollacha Airteagal 19 den Rialachán sin á gcomhlíonadh fós tar éis na hathruithe a chur chun feidhme.

(7) An 11 Deireadh Fómhair 2023, chuir an Ghníomhaireacht tuairimí ([5]) an Choiste um Tháirgí Bithicídeacha faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis an dá iarratas ar mhionathruithe, i gcomhréir le hAirteagal 12 (4) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013, in éineacht le hachoimre athbhreithnithe ar shaintréithe an táirge bhithicídigh agus tuarascáil athbhreithnithe ar an measúnú. Is é an chonclúid ar ar thángthas sa dá thuairim go bhfuil coinníollacha Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 á gcomhlíonadh fós tar éis chur chun feidhme na n-athruithe.

(8) An 10 Samhain 2023, sheol an Ghníomhaireacht an achoimre athbhreithnithe ar shaintréithe an táirge bhithicídigh maidir leis an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'Hydrogen Peroxide Family 1' chuig an gCoimisiún i dteangacha oifigiúla uile an Aontais agus cumhdaítear inti na mionathruithe riaracháin ar fad a dtugtar fógra fúthu agus arna n-iarraidh, i gcomhréir le hAirteagal 12(6) agus Airteagal 12(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013.

(9) Comhaontaíonn an Coimisiún leis an tuairim ón nGníomhaireacht agus dá bhrí sin, measann sé gurb iomchuí an t-údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'Hydrogen Peroxide Family 1' a leasú chun na hathruithe riaracháin agus na mionathruithe a d'iarr Ecolab Deutschland GmbH a thabhairt isteach.

(10) Ach amháin i gcás na leasuithe a bhaineann leis na hathruithe riaracháin agus na mionathruithe, fanann gach faisnéis eile a áirítear san achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh 'Hydrogen Peroxide Family 1', mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1423, gan athrú.

(11) Chun soiléireacht a fheabhsú agus chun éascú a dhéanamh ar rochtain úsáideoirí agus páirtithe leasmhara ar an leagan comhdhlúite críochnaitheach den achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh atá le foilsiú ag an nGníomhaireacht, ba cheart Iarscríbhinn iomlán nua a chur in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1423.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1423 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1423.

([4]) Tuairim ECHA an 4 Samhain 2022 dar teideal 'Opinion on the administrative change of the Union authorisation of the biocidal product family Hydrogen Peroxide Family 1' [Tuairim maidir le hathrú riaracháin ar údarú Aontais na fine táirgí bithicídeacha Hydrogen Peroxide Family 1'], Tuairim Uimh° UAD-C-1622642-38-00/F, https://echa.europa.eu/documents/10162/3443008/opinion_for_ua-admin_changes_bc-ru080137-08_en.pdf/469baca4-81c1-8874-38b5-9c2527e91b22?t=1686113940831.

([5]) Tuairim ón gCoiste um Tháirgí Bithicídeacha an 10 Deireadh Fómhair 2023 dar teideal 'Opinion on the minor change to the Union authorisation of the biocidal product family "Hydrogen Peroxide Family 1"' [Tuairim maidir leis an mionathrú ar údarú Aontais na fine táirgí bithicídeacha 'Hydrogen Peroxide Family 1], ECHA/BPC/398/2023, https://echa.europa.eu/documents/10162/79839763/hydrogen_peroxide_fam1_ua_mic_bc_SX080682_96_final_bpc_opinion_en.pdf/cd4031f2-7320-012f-abf1-f2a3cde1b836?t=1714715369299, agus Tuairim ón gCoiste um Tháirgí Bithicídeacha an 10 Deireadh Fómhair 2023 dar teideal 'Opinion on the minor change to the Union authorisation of the biocidal product family "Hydrogen Peroxide Family 1" [Tuairim maidir leis an mionathrú ar údarú Aontais na fine táirgí bithicídeacha 'Hydrogen Peroxide Family 1'], ECHA/BPC/399/2023, https://echa.europa.eu/documents/10162/3443008/hydrogen_peroxide_fam1_ua_mic_bc_SR082474_07_final_bpc_opinion_en.pdf/f2800274-60a5-ec70-011b-57a6ab561b7e?t=1714716331548.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Achoimre ar shaintréithe an táirge le haghaidh tacar táirgí bithicídeacha

Hydrogen Peroxide Family 1

Cineál nó cineálacha táirge

PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe

PT04: Limistéar bia agus beatha

PT03: Sláinteachas tréidliachta

PT01: Sláinteachas an duine

Uimhir an údaraithe EU-0024303-0000

Uimhir sócmhainne R4BP EU-0024303-0000

CUID I.

AN CHÉAD LEIBHÉAL FAISNÉISE

Caibidil 1. **FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **Ainm an tacair**

Ainm	Hydrogen Peroxide Family 1

1.2. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe PT04: Limistéar bia agus beatha PT03: Sláinteachas tréidliachta PT01: Sláinteachas an duine

1.3. **Sealbhóir an údaraithe**

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	Ecolab Deutschland GmbH
	Seoladh	Ecolab Allee 1 40789 Monheim am Rhein DE
Uimhir an údaraithe	EU-0024303-0000	
Uimhir sócmhainne R4BP	EU-0024303-0000	
Dáta an údaraithe	15 Meán Fómhair 2022	
Dáta éaga an údaraithe	31 Lúnasa 2032	

1.4. **Monaróir/monaróirí an táirge**

Ainm an mhonaróra	Ecolab Europe GmbH
Seoladh an mhonaróra	Richtistrasse 7 8304 Wallisellen An Eilvéis
Suíomh na láithreán monaraíochta	Ecolab Europe GmbH site 1 A.F.P. GmbH Otto-Brenner-Straße 16 21337 Lüneburg An Ghearmáin Ecolab Europe GmbH site 2 ACIDEKA S.A. Edificio Feria. Capuchinos de Basurto 6, 4a planta 48013 Bilbao. Bizkaia An Spáinn

	Ecolab Europe GmbH site 3 ADIEGO HNOS CTRA DE VALENCIA, KM 5,900 50410 CUARTE DE HUERVA (ZARAGOZA) 50410 Zaragoza An Spáinn Ecolab Europe GmbH site 4 ALLIED PRODUCTS Allied Hygiene Unit 11, Belvedere Industrial Estate Fishers Way DA17 6BS Belvedere, Kent Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann Ecolab Europe GmbH site 5 Arkema GmbH Morschheimer Srtrasse 19 D-67292 Krichheimbolanden An Ghearmáin Ecolab Europe GmbH site 6 AZELIS DENMARK Lundtoftegårdsvej 95 2800 Kgs. 2800 Kgs Lyngby An Danmhairg Ecolab Europe GmbH site 7 Belinka Zasavska Cesta 95 1001 Ljubljana An tSlóivéin Ecolab Europe GmbH site 8 BENTUS LABORATORIES LTD. RUSSIA, 105005, MOSCOW, RADIO STREET, 24 BLD.1 105005 Moscó Cónaidhm na Rúise Ecolab Europe GmbH site 9 BIO PRODUCTIONS 72 VICTORIA ROAD, VICTORIA INDUSTRIAL ESTATE, BURGESS HILL, WEST SUSSEX RH159LH Burgess Hill Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann Ecolab Europe GmbH site 10 BIOXAL SA Route des Varennes - Secteur A – BP 30072 71103 Chalon sur Saöne Cedex An Fhrainc Ecolab Europe GmbH site 11 Bores Srl Via Pioppa, 179 44020 Pontegradella An Iodáil Ecolab Europe GmbH site 12 BRENNTAG ARDENNES Route de Tournes CD n 2 FR-08090 FR-08090 Cliron An Fhrainc Ecolab Europe GmbH site 13 BRENNTAG CEE - GUNTRAMSDORF Brenntag CEE GmbH Mixing / Blending Bahnstr. 13 A-2353 Guntramsdorf An Ostair Ecolab Europe GmbH site 14 BRENNTAG Duisburg/Glauchau/Hamburg/Heilbronn Brenntag GmbH Humboldtring 15 45472 Muehlheim An Ghearmáin Ecolab Europe GmbH site 15 BRENNTAG Kaiserslautern Brenntag Merkurstr. 47 67663 Kaiserslautern An Ghearmáin Ecolab Europe GmbH site 16 BRENNTAG Kleinkarlbach/Lohfelden Brenntag GmbH Humboldtring 15 45472 Muehlheim An Ghearmáin Ecolab Europe GmbH site 17 BRENNTAG Nordic - HASLEV Høsten Teglværksvej 47 4690 Haslev An Danmhairg Ecolab Europe GmbH site 18 Brenntag Nordic, Strandgade 35 7100 Vejle An Danmhairg Ecolab Europe GmbH site 19 BRENNTAG Normandy Brenntag Normandie 12 Sente des Jumelles - BP 11 76710 76710 Montville An Fhrainc Ecolab Europe GmbH site 20 BRENNTAG PL -Zgierz ul. Kwasowa 5 95-100 Zgierz An Pholainn Ecolab Europe GmbH site 21 Brenntag Quimica S.A. - Madrid. Calle Gutemberg nº 22,.Poligono Industrial El Lomo 28906 Madrid An Spáinn Ecolab Europe GmbH site 22 BRENNTAG Schweizerhall Brenntag Schweizerhall AG Elsaesserstr. 231 CH-4056 Basel An Eilvéis Ecolab Europe GmbH site 23 Budich International GmbH Dieselstrasse 10 32120 Hiddenhause An Ghearmáin Ecolab Europe GmbH site 24 Caldic Deutschland Chemie B.V Caldic Deutschland GmbH & Co.Kg Am Karlshof 10 D 40231 Duesseldorf An Ghearmáin Ecolab Europe GmbH site 25 Carbon Chemicals Group Ltd, Ringaskiddy P43 R772 Contae Chorcaí Éire Ecolab Europe GmbH site 26 COLEP BAD SCHMIEDEBERG ColepCCL Bad Schmiedeberg GmbH Kemberger Str. 3 06905 Bad Schmiedeberg An Ghearmáin Ecolab Europe GmbH site 27 COMERCIAL FARMACEUTICA CASTEL: LANA, S.A. “COFARCAS” Condado de Treviño, 46 P.I. Villalonquejar 09080 – BURGOS 09080 Burgos An Spáinn

	Ecolab Europe GmbH site 28 COMERCIAL GODO França, 13 08700 – IGUALADA (BARCELONA) 08700 BARCELONA An Spáinn Ecolab Europe GmbH site 29 COURTOIS SARL ZA SOUS LE BEER Route de Pacy 27730 BUEIL An Fhrainc Ecolab Europe GmbH site 30 DAN MOR (DR WIPE) DAN-MOR Natural Products and Chemicals Ltd. Or Akiva Industrial Zone 30600 Akiva Industrial Zone Iosrael Ecolab Europe GmbH site 31 Denteck BV Heliumstraat 8 2718 SL ZOETERMEER An Ísiltír Ecolab Europe GmbH site 32 DETERGENTS BURGUERA DETERGENTS BURGUERA, S.L. Joan Ballester 50 07630 CAMPOS (ILLES BALEARES) An Spáinn Ecolab Europe GmbH site 33 ECL Biebesheim NLC Biebesheim Justus-von-Liebig-Straße 11 64584 Biebesheim am Rhein An Ghearmáin Ecolab Europe GmbH site 34 ECL Celra NALCO - Celra C/ Tramuntana s/n Poligona Industrial Celra 17460 Girona An Spáinn Ecolab Europe GmbH site 35 ECL Châlons AVENUE DU GENERAL PATTON 51000 CHALONS EN CHAMPAGNE An Fhrainc Ecolab Europe GmbH site 36 ECL Cisterna Nalco Italiana Manufacturing Srl.Via Ninfina II 04012 Cisterna di Latina An Iodáil Ecolab Europe GmbH site 37 ECL Fawley NLC Fawley Cadland Road, Hythe, SO45 3NP Southampton, Hampshire Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann Ecolab Europe GmbH site 38 ECL Leeds ECOLAB Lotherton Way Garforth Leeds LS25 2JY LS25 2JY Leeds Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann Ecolab Europe GmbH site 39 ECL Mandra 25TH KM OLD NATIONAL ROAD OF ATHENS TO THIVA, GR 19600 GR 19600 AN AITHIN An Ghréig Ecolab Europe GmbH site 40 ECL Maribor Vajngerlova 4, SI-2001 Maribor SI-2001 Maribor An tSlóivéin Ecolab Europe GmbH site 41 ECL MICROTEK BV MICROTEK MEDICAL B.V. GESINKKAMPSTRAAT 19, 7051 HR, VARSSEVELD 7051 HR VARSSEVELD An Ísiltír Ecolab Europe GmbH site 42 ECL MICROTEK MOSTA SORBONNE CENTRE, F20 MOSTA TECHNOPARK, MOSTA MST 3000 MOSTA Málta Ecolab Europe GmbH site 43 ECL Nieuwegein BRUGWAL 11 A, 3432 NZ NIEUWEGEIN 3432 NZ NIEUWEGEIN An Ísiltír Ecolab Europe GmbH site 44 ECL Rovigo Esoform Esoform S.p.A. Laboratorio Chimico Farmaceutico Viale del Lavoro 10 45100 Rovigo An Iodáil Ecolab Europe GmbH site 45 ECL Rozzano Via A. Grandi, 20089 Rozzano MI 20089 Rozzano An Iodáil Ecolab Europe GmbH site 46 ECL Tesjoki NLC Tesjoki Kivikummuntie 1, Tesjoki 07955 Tesjoki An Fhionlainn Ecolab Europe GmbH site 47 ECL Tessenderlo INDUSTRIEZONE RAVENSHOUT 4 3980 Tessenderlo An Bheilg Ecolab Europe GmbH site 48 Ecolab Ltd Baglan/Swindon, Plot 7a Baglan Energy Park, Baglan, Port Talbot SA11 2HZ Port Talbot Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann Ecolab Europe GmbH site 49 EXTRUPLAST ZI Fief du Passage 56 rue Robert Geffré 17000 La Rochelle An Fhrainc Ecolab Europe GmbH site 50 Ferdinand Eimermacher GmbH & Co. KG Westring 24 48356 Nordwalde An Ghearmáin Ecolab Europe GmbH site 51 F.E.L.T. BP 64 10 rue du Vertuquet 59531 NEUVILLE EN FERRAIN An Fhrainc

	Ecolab Europe GmbH site 52 Gallows Green Services Ltd. Cod Beck Mill Industrial Estate Dalton Lane YO7 3HR North Yorkshire Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann
	Ecolab Europe GmbH site 53 GERDISA GERMAN RGUEZ DROGAS IND Gerdisa Polígono Industrial Miralcampo parc.37 19200 Azuqueca de Henares Guadalajara An Spáinn
	Ecolab Europe GmbH site 54 GIRASOL NATURAL PRODUCTS BV De Veldoven 12-14 3342 GR Hendrik-Ido-Ambacht 3342 GR Hendrik-Ido-Ambacht An Ísiltír
	Ecolab Europe GmbH site 55 HENKEL ENGELS Henkel Engels 413116 Engels Prospekt StroiTel ei Russia 413116 Engels Cónaidhm na Rúise
	Ecolab Europe GmbH site 56 Imeco GmbH & Co. KG Boschstraße 5 D-63768 Hösbach An Ghearmáin
	Ecolab Europe GmbH site 57 INTERFILL LLC-TOSNO INTERFILL LLC 187000, Moskovskoye shosse 1 187000 Tosno - Leningradskaya oblast Cónaidhm na Rúise
	Ecolab Europe GmbH site 58 JODEL - PRODUCTOS QUIMICOS Jodel Zona Industrial 2050 Aveiras de Cima 2050 Aveiras de Cima An Phortaingéil
	Ecolab Europe GmbH site 59 Kleinmann GmbH Am Trieb 13 72820 Sonnenbühl An Ghearmáin
	Ecolab Europe GmbH site 60 Kompak Nederland B.V. Ambachtsweg 4, 4854 MK, Bavel An Ísiltír
	Ecolab Europe GmbH site 61 La Antigua Lavandera SL LA ANTIGUA LAVANDERA, S.L. Ctra. Antigua Sevilla-Alcalá Km.1,5 (SE-410) Apartado de Correos, 58 41500 Sevilla An Spáinn
	Ecolab Europe GmbH site 62 LABORATOIRES ANIOS Pavé du moulin 59260 Lille-Hellemmes An Fhrainc
	Ecolab Europe GmbH site 63 LABORATOIRES ANIOS 3330 Rue de Lille 59262 Sainghin-en-Mélantois An Fhrainc
	Ecolab Europe GmbH site 64 LICHTENHELDT GmbH Lichtenheldt Industriestrasse 7-9 23812 Wahlstedt An Ghearmáin
	Ecolab Europe GmbH site 65 Lonza GmbH Morianstr.32 42103 Wuppertal An Ghearmáin
	Ecolab Europe GmbH site 66 McBride SA Polígon Industrial L'Illa C / Ramon Esteve, 20- 22 08650 Sallent An Spáinn
	Ecolab Europe GmbH site 67 Multifill BV Constructieweg 25-A 3641 SB Mijdrecht 3641 Mijdrecht An Ísiltír
	Ecolab Europe GmbH site 68 NOPA NORDISK PARFUMERIVARE Nordisk Parfumerivarefabrik A/S Hvedevej 2-22 DK-8900 Randers An Danmhairg
	Ecolab Europe GmbH site 69 PAL INTERNATIONAL LTD Pal International Ltd. Sandhurst Street, Oadby Leicester Leicester Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann
	Ecolab Europe GmbH site 70 Planol GmbH Maybachstr. 17 63456 Hanau An Ghearmáin
	Ecolab Europe GmbH site 71 Plum A/S Frederik Plums Vej 2 DK 5610 Assens An Danmhairg
	Ecolab Europe GmbH site 72 PRODUCTOS LC LA CORBERANA, S.L. Crta. Corbera – Polinyá 46612 Valencia An Spáinn
	Ecolab Europe GmbH site 73 THE PROTON GROUP LTD Ripley Drive, Normanton Industrial Estate WF6 1QT Wakefield Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann
	Ecolab Europe GmbH site 74 QUIMICAS MORALES, S.L. Misiones, 11 - Urb. El Sebadal 05005 LAS PALMAS DE GRAN CANARIA An Spáinn
	Ecolab Europe GmbH site 75 RNM PRODUCTOS QUIMICOS RNM - Produtos Quimicos, Lda Rua da Fabrica, 123 4765-080 Segade An Phortaingéil
	Ecolab Europe GmbH site 76 ROQUETTE & BARENTZ Roquette Freres Route De La Gorgue F-62136 Lestrem An Fhrainc

	Ecolab Europe GmbH site 77 RUTPEN LTD MEMBURY AIRFIELD RG16 7TJ LAMBOURN Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann
	Ecolab Europe GmbH site 78 SOLIMIX Solimix Montseny 17-19 Pol. Ind. Sant Pere Molanta 08799 Barcelona An Spáinn
	Ecolab Europe GmbH site 79 Staub & Co. – Silbermann GmbH , Industriestraße 3 D-86456 Gablingen An Ghearmáin
	Ecolab Europe GmbH site 80 Stockmeier Chemie Eilenburg GmbH & Co. KG Gustav-Adolf-Ring 5 04838 Ellenburg An Ghearmáin
	Ecolab Europe GmbH site 81 SYNERLOGIC BV (- IN2FOOD) Synerlogic BV afd. L.J. Costerstraat 5 6827 ARNHEM An Ísiltír
	Ecolab Europe GmbH site 82 Univar Ltd, Argyle House, Epsom Avenue SK9 3RN Wilmslow Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann
	Ecolab Europe GmbH site 83 Univar SPA Via Caldera 21 20-153 Milano Milano An Iodáil
	Ecolab Europe GmbH site 84 van Dam Bodegraven B.V Postbus 48 NL 2410 AA Bodegraven An Ísiltír
	Ecolab Europe GmbH site 85 Laboratoires Prodene Klint Rue Denis Papin, 2 Z.I. Mitry Compans F-77290 Mitry Mory F-77290 Mitry Mory An Fhrainc
	Ecolab Europe GmbH site 86 Simagec Z.I. de Rousset / Peynier, 54 Avenue de la Plaine 13790 Rousset An Fhrainc
	Ecolab Europe GmbH site 87 INNOVATE GmbH, Innovate GmbH Am Hohen Stein 11 06618 Naumburg An Ghearmáin
	Ecolab Europe GmbH site 88 Sima Pharma, 54 Avenue de la Plaine, ZI 13106 Rousset Cedex An Fhrainc
	Ecolab Europe GmbH site 89 Techtex (Technical Textile Services Ltd) Units 7 & 8, Rhodes Business Park, Silburn Way, Middleton, M24 4NE Manchester Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann
	Ecolab Europe GmbH site 90 Helico B.V. Hoogschaijksestraat 31 5374 EC Schaijk An Ísiltír
	Ecolab Europe GmbH site 91 INCARE BV Keizersveld 99 5803 AP Venray An Ísiltír
	Ecolab Europe GmbH site 92 ECL Mullingar Ecolab Ltd (IE). Forrest Park Zone C Mullingar Industrial Estate Mullingar Co. Westmeath Contae na hIarmhí Éire
	Ecolab Europe GmbH site 93 ECL Mullingar. Ecolab Manufacturing IE Ltd (IE) Forest Park, Zone C Mullingar Ind. Estate N91 Mullingar, Co. Westmeath Contae na hIarmhí Éire
	Ecolab Europe GmbH site 94 ECL Weavergate Site: Nalco Manufacturing Limited, Winnington Avenue, CW8 3AA Northwich, Cheshire (Postal Address: PO Box 11, Winnington Avenue, Northwich, Cheshire CW8 4DX) Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann
	Ecolab Europe GmbH site 95 ECL Weavergate, Ecolab Ltd (UK) Winnington Avenue CW8 3AA Northwich, Cheshire Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann
	Ecolab Europe GmbH site 96 ECL Weavergate, Ecolab Manufacturing UK Ltd (UK) Winnington Avenue CW8 3AA Northwich, Cheshire Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann

1.5. **Monaróir/monaróirí na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha**

Substaint ghníomhach	Sárocsaíd hidrigine
Ainm an mhonaróra	Evonik Degussa Antwerpen NV
Seoladh an mhonaróra	Tijsmanstunnel West 2040 Antwerpen An Bheilg
Suíomh na láithreán monaraíochta	Evonik Degussa Antwerpen NV site 1 Tijsmanstunnel West 2040 Antwerpen An Bheilg

Substaint ghníomhach	Sárocsaíd hidrigine
Ainm an mhonaróra	Evonik Degussa GmbH
Seoladh an mhonaróra	Untere Kanalstr. 3 79618 Rheinfelden An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	Evonik Degussa GmbH site 1 Untere Kanalstr. 3 79618 Rheinfelden An Ghearmáin

Substaint ghníomhach	Sárocsaíd hidrigine
Ainm an mhonaróra	Evonik Peroxid GmbH
Seoladh an mhonaróra	Industriestraβe 1 9721 Weiβenstein An Ostair
Suíomh na láithreán monaraíochta	Evonik Peroxid GmbH site 1 Industriestraβe 1 9721 Weiβ-enstein An Ostair

Substaint ghníomhach	Sárocsaíd hidrigine
Ainm an mhonaróra	Evonik Peroxide Netherlands BV
Seoladh an mhonaróra	Oosterhorn 14 9936 HD Farmsum An Ísiltír
Suíomh na láithreán monaraíochta	Evonik Peroxide Netherlands BV site 1 Oosterhorn 14 9936 HD Farmsum An Ísiltír

Substaint ghníomhach	Sárocsaíd hidrigine
Ainm an mhonaróra	Belinka Perkemija D.O.O
Seoladh an mhonaróra	Zasavska cesta 95 1231 Ljubljana-Črnuče An tSlóivéin
Suíomh na láithreán monaraíochta	Belinka Perkemija D.O.O site 1 Zasavska cesta 95 1231 Ljubljana-Črnuče An tSlóivéin

Substaint ghníomhach	Sárocsaíd hidrigine
Ainm an mhonaróra	Solvay Chemie SA
Seoladh an mhonaróra	Rue Solvay 39 B-5190 Jemeppe-sur-Sambre An Bheilg
Suíomh na láithreán monaraíochta	Solvay Chemie SA site 1 Rue Solvay 39 B-5190 Jemeppe-sur-Sambre An Bheilg

Substaint ghníomhach	Sárocsaíd hidrigine
Ainm an mhonaróra	Solvay Chimica Italia S.p.A
Seoladh an mhonaróra	Via Piave 6 I-57013 Rosignano Solvay LI An Iodáil
Suíomh na láithreán monaraíochta	Solvay Chimica Italia S.p.A site 1 Via Piave 6 I-57013 Rosig-nano Solvay LI An Iodáil

Substaint ghníomhach	Sárocsaíd hidrigine
Ainm an mhonaróra	Solvay Chemicals GmbH
Seoladh an mhonaróra	Köthensche Strasse 1-3 D-06406 Bernburg An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	Solvay Chemicals GmbH site 1 Köthensche Strasse 1-3 D-06406 Bernburg An Ghearmáin

Substaint ghníomhach	Sárocsaíd hidrigine
Ainm an mhonaróra	Solvay Interox Limited
Seoladh an mhonaróra	Baronet Road WA4 6HB Warrington Cheshire Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann
Suíomh na láithreán monaraíochta	Solvay Interox Limited site 1 Baronet Road WA4 6HB Warrington Cheshire Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann

Substaint ghníomhach	Sárocsaíd hidrigine
Ainm an mhonaróra	Solvay Chemicals Finland OY
Seoladh an mhonaróra	Yrjonojantie 2 45910 Voikkaa An Fhionlainn
Suíomh na láithreán monaraíochta	Solvay Chemicals Finland OY site 1 Yrjonojantie 2 45910 Voikkaa An Fhionlainn

Substaint ghníomhach	Sárocsaíd hidrigine
Ainm an mhonaróra	Solvay Interox Produtos Peroxidados SA
Seoladh an mhonaróra	Rua Eng. Clement Dumoulin P-2625-106 Povoa de Santa Iria An Phortaingéil
Suíomh na láithreán monaraíochta	Solvay Interox Produtos Peroxidados SA site 1 Rua Eng. Clement Dumoulin P-2625-106 Povoa de Santa Iria An Phortaingéil

Substaint ghníomhach	Sárocsaíd hidrigine
Ainm an mhonaróra	Kemira Rotterdam BV
Seoladh an mhonaróra	Moezelweg 151 3198 LS Europoort Rotterdam An Ísiltír
Suíomh na láithreán monaraíochta	Kemira Rotterdam BV site 1 Moezelweg 151 3198 LS Europoort Rotterdam An Ísiltír

Substaint ghníomhach	Sárocsaíd hidrigine
Ainm an mhonaróra	Kemira Chemical Oy
Seoladh an mhonaróra	Typpitie PL 171 90101 Oulu An Fhionlainn
Suíomh na láithreán monaraíochta	Kemira Chemical Oy site 1 Typpitie PL 171 90101 Oulu An Fhionlainn

Substaint ghníomhach	Sárocsaíd hidrigine
Ainm an mhonaróra	Kemira Kemi AB
Seoladh an mhonaróra	Industrigatan 83 25109 Helsingborg An tSualainn
Suíomh na láithreán monaraíochta	Kemira Kemi AB site 1 Industrigatan 83 25109 Helsingborg An tSualainn

Substaint ghníomhach	Sárocsaíd hidrigine
Ainm an mhonaróra	ARKEMA France – USINE DE JARRIE
Seoladh an mhonaróra	Route National 85, BP 1 38560 JARRIE An Fhrainc
Suíomh na láithreán monaraíochta	ARKEMA France – USINE DE JARRIE site 1 Route National 85, BP 1 38560 JARRIE An Fhrainc

Substaint ghníomhach	Sárocsaíd hidrigine
Ainm an mhonaróra	ARKEMA GMBH – NIEDERLASSUNG LEUNA
Seoladh an mhonaróra	Am Haupttor, Bau 2410 06237 LEUNA An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	ARKEMA GMBH – NIEDERLASSUNG LEUNA site 1 Am Haupttor, Bau 2410 06237 LEUNA An Ghearmáin

Substaint ghníomhach	Sárocsaíd hidrigine
Ainm an mhonaróra	Ecolab Europe GmbH
Seoladh an mhonaróra	Ecolab-Allee 1 40789 Monheim am Rhein An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	Ecolab Europe GmbH site 1 Ecolab-Allee 1 40789 Monheim am Rhein An Ghearmáin

Caibidil 2. **COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TACAIR TÁIRGÍ**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an tacair**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Sárocsaíd hidrigine		substaint ghníomhach	7722-84-1	231-765-0	1 - 36,75 % (w/w)
N-própánól	Própán-1-ól	Substaint neamhghníomhach	71-23-8	200-746-9	0 - 17,5 % (w/w)
Monaihiodráit aigéid citreach	2-hiodrocsaphrópáin-1,2,3-aigéid tricharbocsaileach	Substaint neamhghníomhach	5949-29-1	201-069-1	0 - 0,9 % (w/w)
Feanocsaieatánól	2-Feanocsaieatánól	Substaint neamhghníomhach	122-99-6	204-589-7	0 - 0,9 % (w/w)
Sulfáit láirile sóidiaim	Sulfáit dóideicile sóidiaim	Substaint neamhghníomhach	151-21-3	205-788-1	0 - 3,88 % (w/w)
L-Aigéad glútamach, N-coco aicile derivs., salainn monosóidiaim	Sóidiam(4S)-4-amino-5-hiodrocsa-5-ocsaipheantánóait	Substaint neamhghníomhach	68187-32-6	269-087-2	0 - 2 % (w/w)
Aigéad sulfarach, mono-C12-14-ailcile eistir, salainn amóiniaim (Texapon ALS)	Aigéad sulfarach, mono-C12-14-ailcile eistir, salainn amóiniaim	Substaint neamhghníomhach	90583-11-2	292-209-0	0 - 1,12 % (w/w)

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad fosfarach	Aigéad ortafosfarach	Substaint neamhghníomhach	7664-38-2	231-633-2	0 - 1,5 % (w/w)
Aigéad nítreach	Aigéad nítreach	Substaint neamhghníomhach	7697-37-2	231-714-2	0 - 3,71 % (w/w)
Eistear fosfáit EO alcóil	Éitir Polai (ocsaí-1,2-eataíndéile), alfa.-hidrea-.omega.-hiodrocsai, mono-C8-10-ailcile, fosfáit	Substaint neamhghníomhach	68130-47-2		0 - 14,625 % (w/w)
Ailcilpholaighliocóisíd C8-C10	(3R,4S,5S,6-R)-2-deococsai-6-(hiodrocsaimeitile)ocsane-3,4,5-triol	Substaint neamhghníomhach	68515-73-1	500-220-1	0 - 6,35 % (w/w)
Alcóil, C10-C16 eatocsalaíteach propocsaláiteach (déhiodol 980)	Alcóil, C10-C16 eatocsaláiteach propocsaláiteach	Substaint neamhghníomhach	69227-22-1		0 - 3 % (w/w)
Capriléit-9 aigéid carbocsaileach (meascán éitir ailcile aigéid carbocsaileach)	Polai (ocsai-1,2-eiteaneidile), .alfa.-(carbocsaimeitile)-omega.-(oictilocsai)-(4-11 EO)	Substaint neamhghníomhach	53563-70-5		0 - 2,15 % (w/w)
Heicseit-4 aigéid carbocsaileach (meascán éitir ailcile aigéid carbocsaileach)	Polai (ocsai-1,2-eiteaneidile), .alfa.-(carbocsaimeitile)-omega.-(heicsilocsai)- (3 EO)	Substaint neamhghníomhach	105391-15-9		0 - 0,62 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	AL Aon leacht eile GW Glóthach uiscethuaslagtha SL Tiúchán intuaslagtha

CUID II.

AN DARA LEIBHÉAL FAISNÉISE MEITEA-SPC(ANNA)

Caibidil 1. **MEITEA-SPC 1 FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **MEITEA-SPC 1 aitheantóir**

Aitheantóir	Meta SPC: META SPC 1

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-1

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe

Caibidil 2. **COMHDHÉANAMH META SPC 1**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meitea-SPC 1**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Sárocsaíd hidrigine		substaint ghníomhach	7722-84-1	231-765-0	6 - 6,6 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meitea-SPC 1**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	AL Aon leacht eile

Caibidil 3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM MEITEA-SPC 1**

Ráitis ghuaise	H319: Ina chúis le greannú tromchúiseach don tsúil.
Ráitis réamhchúraim	P264: Nigh lámha go lánchúramach tar éis láimhsithe. P280: Caith súilchosaint. P280: Caith aghaidhchosaint. P305+P351+P338: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS NA SÚILE: Sruthlaítear go faichilleach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. P337+P313: Má mhaireann an greannú súile: Faigh comhairle/ cúram liachta.

Caibidil 4. **ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE MEITEA-SPC**

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1.

Díghalrú ar sheomraí glan eolaíochtaí saoil ag spraeáil le spraeire truicear agus cuimilteoir tirim

An cineál táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: Baictéir Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: Sonraí ar bith Ainm eolaíoch: Giostaí Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: Fungais Gnáthainm: Fungais Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: Víris Gnáthainm: Víris Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: Spóir bhaictéaracha Gnáthainm: Spóir bhaictéaracha Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Spraeáil le sprae truicear agus cuimilteoir tirim Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Díghalrú ar dhromchlaí beaga, ábhair agus trealamh i seomraí glan d'eolaíochtaí saoil, aicmithe mar aicme A go D i gcomhréir le Dea-Chleachta Déantúsaíochta (GMP) aicmiú an AE, agus timpeallachtaí tacúla. Amanna teagmhála don spraeáil ag spraeáil ar 20°C i ndálaí glan: — 15 nóm do bhaictéir agus fungais; — 5 nóm do ghiostaí; — 60 nóm do víris agus spóir bhaictéir. Amanna teagmhála don spraeáil agus cuimilt ar 20°C i ndálaí glan: — 5 nóm do bhaictéir agus fungais; — 60 nóm do víris agus spóir bhaictéir.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: Ráta forchurtha: 10 ml/m^2 Caolú (%): Táirge réidh le húsáid (RTU) Airí uainithe: Minicíocht fhorchurtha: suas go dtí dhá uair sa lá gach aon seomra
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	gairmiúil

Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Poileitiléin ard-dlúis (HDPE) nó poileitiléin (PE) bactha solais Buidéal, 1-5 L Polaipróipiléin agus poileitiléin bactha solais (PP+PE) buidéal sprae, 0,5-5 L

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

I gcomhair torthaí optamacha, coinnigh an buidéal agus spraeáil ó achar 10 cm go 20 cm. Spraeáil an táirge ar chuimilteoir tirim agus cuimil dromchlaí beaga amhail cuntair oibre agus trealamh, nó spraeáil an táirge ar an ndromchla, cuimil an dromchla le cuimilteoir tirim agus fág le triomú. Dún an buinne i gcónaí i ndiaidh úsáide. Ní foláir ceirtíní a úsáideadh a dhiúscairt i gcoimeádán dúnta.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Tá sé éigeantach go gcaitear cosaint súl agus an táirge á láimhseáil.

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 1.

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 1.

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 1.

4.2. **Tuairisc úsáide**

Tábla 2.

Díghalrú do sheomraí glan d'eolaíochtaí saoil le mapáil ag úsáid mapa cothrom agus buicéad

An cineál táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: Baictéir Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: Giostaí Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: Fungais Gnáthainm: Fungais Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: Víris Gnáthainm: Víris Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: Spóir bhaictéaracha Gnáthainm: Spóir bhaictéaracha Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh

Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Mapáil le mapa cothrom agus buicéad Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Díghalrú ar urláir i seomraí glan d'eolaíochtaí saoil, aicmithe mar aicme A go D i gcomhréir le Dea-Chleachta Déantús-aíochta (GMP) aicmiú an AE, agus timpeallachtaí tacúla. Amanna teagmhála don mapáil ag spraeáil ar 20°C i ndálaí glan: — 5 nóm do bhaictéir agus fungais; — 60 nóm do víris agus spóir bhaictéir.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: Ráta forchurtha: 20 ml/m^2 Caolú (%): táirge RTU Airí uainithe: Minicíocht fhorchurtha: suas go dtí dhá uair sa lá gach aon seomra
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Buidéal HDPE nó PE bactha solais, 0,5-5 L

4.2.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Cuir le dromchlaí ag mapáil agus fág le triomú.

4.2.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Tá sé éigeantach go gcaitear cosaint súl agus an táirge á láimhseáil.

Úsáid ar threalamh cosanta riospráide (RPE) ag soláthar fachtóir cosanta 10 riachtanach do ghairmithe ag cur an táirge agus gairmithe eile i láthair sa limistéar cóireáilte. Análaitheoir íonta aeir le clogad/cochall/masc (TH1/TM1), nó masc leath/iomlán le comhdhéanamh scagaire gáis/P2 a theastaíonn ar a laghad (cineál scagaire (litir cóid, dath) le sonrú ag an sealbhóir údaraithe laistigh faisnéise an táirge). I gcomhair feidhmithe leantach nó athiontráil sa seomra, is gá don ghairmí na bearta céanna a leanúint chun riosca a mhaolú i gcomhair an chéad fheidhmithe sa seomra.

4.2.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 1.

4.2.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 1.

4.2.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 1.

4.3. **Tuairisc úsáide**

Tábla 3.

Díghalrú do sheomraí glan d'eolaíochtaí saoil le mapáil ag cuimilt le cuimilteoirí RTU tuilte

An cineál táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe

I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: Baictéir Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: Giostaí Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: Fungais Gnáthainm: Fungais Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: Víris Gnáthainm: Víris Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: Spóir bhaictéaracha Gnáthainm: Spóir bhaictéaracha Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Cuimilt le cuimilteoirí RTU tuilte Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Díghalrú ar dhromchlaí beaga, ábhair agus trealamh i seomraí glan d'eolaíochtaí saoil, aicmithe mar aicme A go D i gcomhréir le Dea-Chleachta Déantúsaíochta (GMP) aicmiú an AE, agus timpeallachtaí tacúla. Amanna teagmhála don cuimilt ar 20°C i ndálaí glan: — 5 nóm do bhaictéir agus fungais; — 60 nóm do víris agus spóir bhaictéir.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: Ráta forchurtha: 1 cuimilteoir in aghaidh m^2 (ag baint le 10 mL/m^2) Caolú (%): táirge RTU Airí uainithe: Minicíocht fhorchurtha: suas go dtí dhá uair sa lá gach aon seomra
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Púitse PP nó PET/PE nó EVA/PP nó Alúmanaim/PE nó Púitse PE bactha solais le 10-100 cuimilteoir tuilte 45% poileistir / 55% cumaisc ceallalóis (méid an chuimilteora: 200x200 mm) Púitse PP nó PET/PE nó EVA/PP nó Alúmanaim/PE nó Púitse PE bactha solais le 10-100 cuimilteoir tuilte 100% poileistir (méid an chuimilteora: 200x200 mm). Púitse PP nó PET/PE nó EVA/PP nó Alúmanaim/PE nó Púitse PE bactha solais le 10-100 cuimilteoir tuilte 100% poileistir (méid an chuimilteora: 300x300 mm)

4.3.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Ceadaigh don dromchla triomú i ndiaidh an táirge a úsáid. Dún coimeádán nuair nach bhfuil sé in úsáid. Ná úsáid le cuimilteoirí a d'éirigh díhiodráitithe. Ní foláir ceirtíní a úsáideadh a dhiúscairt i gcoimeádán dúnta.

4.3.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Seachain aistriú ón lámh go dtí an súil.

4.3.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 1.

4.3.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 1.

4.3.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 1.

4.4. **Tuairisc úsáide**

Tábla 4.

Díghalrú do sheomraí glan d'eolaíochtaí saoil le mapáil le mapaí RTU tuilte

An cineál táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: Baictéir Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: Giostaí Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: Fungais Gnáthainm: Fungais Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: Víris Gnáthainm: Víris Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: Spóir bhaictéaracha Gnáthainm: Spóir bhaictéaracha Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Mapáil le mapaí RTU tuilte Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Díghalrú ar urláir i seomraí glan d'eolaíochtaí saoil, aicmithe mar aicme A go D i gcomhréir le Dea-Chleachta Déantús-aíochta (GMP) aicmiú an AE, agus timpeallachtaí tacúla. Amanna teagmhála don mapáil ag spraeáil ar 20°C i ndálaí glan: — 5 nóm do bhaictéir agus fungais; — 60 nóm do víris agus spóir bhaictéir.

Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: Ráta forchurtha: 1 cuimilteoir in aghaidh m^2 (ag baint le 10 mL/m^2) Caolú (%): táirge RTU Airí uainithe: Minicíocht fhorchurtha: suas go dtí dhá uair sa lá gach aon seomra
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Púitse PP nó PET/PE nó EVA/PP nó Alúmanaim/PE nó Púitse PE bactha solais le 10-100 cuimilteoir tuilte 45% poileistir / 55% cumaisc ceallalóis (méid an chuimilteora: 420x250 mm). Púitse PP nó PET/PE nó EVA/PP nó Alúmanaim/PE nó Púitse PE bactha solais le 10-100 cuimilteoir tuilte 100% poileistir (méid an chuimilteora: 300x300 mm).

4.4.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Ceadaigh don dromchla triomú i ndiaidh an táirge a úsáid. Dún coimeádán nuair nach bhfuil sé in úsáid. Ná úsáid le cuimilteoirí a d'éirigh díhiodráitithe. Ní foláir ceirtíní a úsáideadh a dhiúscairt i gcoimeádán dúnta.

4.4.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Seachain aistriú ón lámh go dtí an súil.

Úsáid ar threalamh cosanta riospráide (RPE) ag soláthar fachtóir cosanta 10 riachtanach do ghairmithe ag cur an táirge agus gairmithe eile i láthair sa limistéar cóireáilte. Análaitheoir íonta aeir le clogad/cochall/masc (TH1/TM1), nó masc leath/iomlán le comhdhéanamh scagaire gáis/P2 a theastaíonn ar a laghad (cineál scagaire (litir cóid, dath) le sonrú ag an sealbhóir údaraithe laistigh faisnéise an táirge). I gcomhair feidhmithe leantach nó athiontráil sa seomra, is gá don ghairmí na bearta céanna a leanúint chun riosca a mhaolú i gcomhair an chéad fheidhmithe sa seomra.

4.4.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 1.

4.4.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 1.

4.4.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 1.

Caibidil 5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE MAIDIR LE MEITEA-SPC 1**

5.1. **Treoracha úsáide**

Léigh an lipéad nó an bhileog i gcónaí roimh úsáid agus lean na treoracha ar fad atá tugtha. Glan dromchla roimh an táirge a chur. ba chóir an táirge a chur ar dhromchla glan tirim. Fliuch an dromchla go hiomlán leis an táirge. Ná sruthlaigh i ndiaidh úsáide. Ná úsáid ar dhromchlaí íogair ar oibreáin ocsaídeacha amhail marmar, copar nó prás.

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

Féach freisin na bearta maolaithe riosca de mheitea-SPC 1.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

BEARTA GARCHABHRACHA

I gcás teagmhála na súl: Agus an tsúil oscailte, sruthlaigh í láithreach le neart uisce ar feadh suas le 15 nóiméad ar a laghad. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta é sin a dhéanamh. Lean ar aghaidh ag rinseáil. Faigh comhairle/cúram liachta.

I gcás teagmhála craicne: Nigh le neart uisce.

Má shlogtar: Sruthlaítear an béal. Faigh cóir leighis má tharlaíonn siomptóim.

Má ionanálaítear: Faigh cóir leighis má tharlaíonn siomptóim.

BEARTA ÉIGEANDÁLA COMHSHAOIL

Ná ceadaigh teagmháil le ithir, dromchla nó uisce talún.

Smaoinigh ar fhoráil coimeádta timpeall choimeádáin stórála.

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Táirge: Nuair is féidir, is fearr athchúrsáil ná diúscairt nó dó. Mura bhfuil athchúrsáil indéanta, diúscair é i gcomhréir le rialacháin náisiúnta. Diúscair dramhaíl i ngléasra diúscartha dramhaíl faofa.

Pacáistiú truaillithe: Diúscair ábhar/coimeádán de réir rialacháin náisiúnta.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Coimeád as aimsiú leanaí. Coimeád an coimeádán dúnta go docht. Stóráil i gcoimeádáin oiriúnacha, le lipéad.

Teocht stórála: 0-35°C

Seilfré: 24 mí

Caibidil 6. **FAISNÉIS EILE**

Tá sárocsaíd hidrigine sa táirge (CAS Uimh.: 7722-84-1), dár comhaontaíodh luach tagartha Eorpach de 1.25 mg/m³ don úsáideoir gairmiúil agus úsáideadh é le haghaidh measúnú riosca an táirge.

Caibidil 7. **AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I MEITEA-SPC 1**

7.1. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha	Klercide Sporicidal Low Residue Peroxide	Réimse margaidh: AE
	Klerwipe Sporicidal Low Residue Peroxide	Réimse margaidh: AE
	ANIOS H2O2 6% IP STERILE	Réimse margaidh: AE
Uimhir an údaraithe	EU-0024303-0001 1-1	

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Sárocsaíd hidrigine		substaint ghníomhach	7722-84-1	231-765-0	6 % (w/w)

Caibidil 1. **MEITEA-SPC 2 FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **MEITEA-SPC 2 aitheantóir**

Aitheantóir	Meta SPC: META SPC 2

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-2

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe PT04: Limistéar bia agus beatha

Caibidil 2. **COMHDHÉANAMH META SPC 2**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meitea-SPC 2**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Sárocsaíd hidrigine		substaint ghníomhach	7722-84-1	231-765-0	1 - 1 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meitea-SPC 2**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	AL Aon leacht eile

Caibidil 3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM MEITEA-SPC 2**

Ráitis ghuaise	
Ráitis réamhchúraim	

Caibidil 4. **ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE MEITEA-SPC**

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1.

Díghalrú ar dhromchlaí beaga agus/nó móra sa tionscal (m.s. limistéir béile, leithris) ag spraeáil le spraeire truicear agus cuimilt tirim agus/nó mapáil ag úsáid mapa cothrom agus buicéad

An cineál táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: Baictéir Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: Giostaí Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: Fungais Gnáthainm: Fungais Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: Míceabhaictéir Gnáthainm: Míceabhaictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Spraeáil le sprae truicear agus cuimilteoir tirim Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Díghalrú ar dhromchlaí beaga sa tionscal. Amanna teagmhála don spraeáil ar 20°C i ndálaí salach: — 5 nóm do bhaictéir agus fungais; — 15 nóm do na fungais; — 60 nóm do mhicreabhaictéir. Airí modha: Mapáil le mapa cothrom agus buicéad Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Díghalrú ar dhromchlaí móra sa tionscal. Amanna teagmhála don mapáil ar 20°C i ndálaí salach: — 5 nóm do bhaictéir agus fungais; — 15 nóm do na fungais; — 60 nóm do mhicreabhaictéir. Airí modha: Spraeáil ag úsáid spraeire truicear agus cuimilteoir tirim agus mapáil le mapa cothrom agus buicéad. Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Díghalrú ar dhromchlaí beaga agus móra sa tionscal. Amanna teagmhála don spraeáil agus mapáil ar 20°C i ndálaí salach: — 5 nóm do bhaictéir agus fungais; — 15 nóm do na fungais; — 60 nóm do mhicreabhaictéir.

Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: Ráta curtha don spraeáil: 10 ml/m^2 Caolú (%): táirge RTU Airí uainithe: Minicíocht fhorchurtha don spraeáil truicearsuas go dtí 10 uair in aghaidh an lae do gach aon seomra Ráta úsáide: Ráta curtha don mhapáil: 20 ml/m^2 Caolú (%): táirge RTU Airí uainithe: Minicíocht fhorchurtha don mapáil: suas go dtí dhá uair sa lá gach aon seomra Ráta úsáide: Ráta curtha don spraeáil: 10 ml/m^2; Ráta curtha don mhapáil: 20 ml/m^2 Caolú (%): táirge RTU Airí uainithe: Minicíocht na feidhme do spraeáil truicear agus mapáil le chéile: uair sa lá gach aon seomra.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	gairmiúil
